

Digna
5 bliana
d'aois



Duais Trócaire Domhan Níos Fearr:

Meabhraíonn an siombal seo obair na bpáistí a bhailiú le cur isteach ar Duais Trócaire Domhan Níos Fearr. Féach an bhileoigín a ghabhann leis an bpacáiste seo nó tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin www.trocaire.org/better-world-award.

CUIMSÍTEAR SAN ACMHAINN:

- 4 Ghrianghraf A4
- Naisc Churaclaim
- Gníomhaíochtaí don Seomra Ranga
- Seirbhís Urnaithé
- Bileog Oibre
- Póstaer
- Gníomhaíochtaí Idirghníomhacha

**AIMS OF THE ACTIVITIES:
NA HAIDHMEANNA ATÁ LEIS
NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ:**

- Ionbhá le Digna agus leo siúd a mhaireann faoi bhochtaineacht a spreagadh.
- Foghlaim faoi na **nósanna, teanga agus cultúr** tíre eile.
- **Cumhacht an phobail** agus an chumhacht a bhronntar ar dhaoine eile as cabhrú leo a aithint.
- Na **cosúlachtaí agus difríochtaí** atá idir iad féin agus Digna a aithint.

Chun an acmhainn seo a úsáid ar líne, agus chun ár gcuid gníomhaíochtaí idirghníomhacha a úsáid, tabhair cuairt le do thoil ar an suíomh gréasáin www.trocaire.org/education



SÓISEARACH AGUS EOCHAIRCHÉIM 1 ACMHAINN NA BUNSOILE

RÉAMHRÁ

Cuirtear eolas agus gníomhaíochtaí ar fáil leis an acmhainn seo do mhúinteoirí ranganna na Naíonán Sóisearach chomh fada le **Rang a Dó agus Eochairchéim 1** – eolas agus gníomhaíochtaí ar mhaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar théama na **bochtaineachta agus ar an tionchar ar féidir leis an bpobal a imirt ag plé leis an mbochtaineacht.**

NA GRIANGHRAFANNA A ÚSÁID

Dearadh na grianghrafanna sa phacáiste seo ar mhaithe le heolas a chur ar fáil do pháistí agus dúshlán a thabhairt don tuiscint atá acu ar Phoblacht Hondúras. Is é an aidhm atá leis na gníomhaíochtaí seo leanas ná plé gníomhach agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh faoi na ceisteanna a ardaítear sna grianghrafanna. Is féidir úsáid a bhaint astu ar mhórán slite, le cur síos a dhéanamh, rangú, ceistiúchán, fotheidealú nó bolgáin chainte a chur leo; fútsa atá sé go hiomlán.

NAISC LE BEO GO DEO

BEO GO DEO 1

- Téarma 1**
- Ceacht 9 Bheith bainteach
 - Ceacht 10 Conas is féidir liom a bheith bainteach?
 - Ceacht 11 Bainimse leis an Áit Seo

BEO GO DEO 2

- Téarma 1**
- Ceacht 4 Ag Réiteach le Chéile
 - Ceacht 10 Tugann Siad Aire Dom
 - Ceacht 11 Tugaimse Aire Dóibh

BEO GO DEO 3

- Téarma 3**
- Ceacht 3 Am Chun Béilí a Roinnt
 - Ceacht 5 Roinnt na Beatha

BEO GO DEO 4

- Téarma 1**
- Ceacht 1 Spiorad an Teaghligh
 - Ceacht 2 Spiorad an Chairdis
 - Ceacht 3 Spiorad na Scoile

CAD IS BOCHTAINÉACHT ANN?

Bíonn an bhochtaineacht ann san áit nach mbíonn a ndóthain talún ag daoine chun feirmeoireachta, nó a ndóthain le hithe acu, nó a ndóthain uisce glan le hól, nó fáil acu ar oideachas, nó cógas leighis i gcás tinnis nó teach le cónaí ann. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil teach cónaithe seasmhach ag Digna agus ag an gcuid eile dá pobal, ná leaba chompordach chun codlata ná córas oideachais iontaofa. Cúis thábhachtach eile leis an mbochtaineacht is ea tubaistí nádúrtha agus bíonn Poblacht Hondúras buailte ag spéirlingí agus ag tuilte. Tá Poblacht Hondúras ar an dara tír is boichte i Meiriceá Laidineach fré chéile.

CÉARD ATÁ Á DHÉANAMH AG POBAL LA CONFIANZA CHUN CABHRÚ LENA CHÉILE?

Tá cónaí ar Digna lena muintir i bPobal La Confianza. Is ann a chónaíonn breis agus 500 teaghlach ar nós mhuintir Digna. Tá comharchumann curtha ar bun acu ar mhaithe le hobair a dhéanamh i bpáirt le chéile, le cabhair Trócaire, chun feabhas a chur ar na coinníollacha maireachtála atá acu. Chuige seo, oibríonn siad le chéile ina mbuíonta eagsúla; téann buíon amháin díobh amach chun páirce agus baineann torthaí pailme, cuireann buíon eile bia ar fáil do gach duine sa champa, féachann buíon eile feirmeoirí i ndiaidh phaiste na nglasraí, tugann an bhuíon shlándála cosaint ar ionsaí do na teaghaligh ar fad, déanann an bhuíon chothabhála rud ar bith a dheisiú a bhfuil gá leis. Éiríonn leis na daoine seo maireachtáil toisc go dtagann an Pobal le chéile agus go n-oibríonn siad le chéile.



GNÍOMHAÍOCHT A HAON

AM CIORCAIL
LE DIGNA



NAISC CHURACLAIM: Teanga agus Litearthacht/OSPS/PDMU/Ealaíona
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO:
Grianghrafanna 1 go 4, Léarscáil an domhain, an t-eolas sna táblaí thuas, clár bán, maircéirí, páipéar agus criáin.

CÉIM 1: Déan cur síos ar Phoblacht Hondúras leis na páistí – aimsigh ar an léarscáil é. Agus iad ar fad ina suí l bhfoirm chiorcail – déan plé ar an mbochtaineacht agus mar a éiríonn le pobal



La Confianza maireachtáil ainneoin iad a bheith faoi bhochtaineacht (bain úsáid as na grianghrafanna agus as an eolas ón bpacáiste chun cabhrú leat). Fiafraigh de na páistí cén fáth, dar leo, gur fearr obair a dhéanamh as lámha a chéile de rogha ar obair a dhéanamh ina n-aonar? An féidir leo smaoineamh ar uair ar bith gur chabhraigh siad le duine éigin rud éigin a dhéanamh?

CÉIM 2: Déan iniúchadh ar gach ceann de na grianghrafanna leis an eolas atá ar fáil ar chúil. Spreag na páistí le ceisteanna a chur faoi Digna agus faoina bhfuil ar siúl aici sna grianghrafanna.

CÉIM 3: Déan plé ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir Digna agus na páistí sa rang. Fiafraigh díobh an maith leo na rudai céanna a dhéanamh is a dhéanann Digna. An mbaineann siad taitneamh as an urlár a scuabadh chomh maith ar nós Digna?

CÉIM 4: Tá Digna tar éis a cuid aislingí don todhchaí a roinnt. Cad iad na haislingí atá ag na páistí do Digna agus don todhchaí acu féin? Déan liosta díobh seo ar an gclár bán. Is féidir leis na páistí pictiúir a tharraingt de na haislingí seo, ar féidir iad a bhailiú ansin chun taispeántas ar bhalla a dhéanamh.

GNÍOMHAÍOCHT A DÓ

LABHAIR AGUS COMHRAIGH
I SPÁINNIS



NAISC CHURACLAIM: Matamaitic agus Teanga
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO:
Grianghraf 3, maos súgartha, toirtilí agus bananaí.

CÉIM 1: Cuir an ghníomhaíocht i láthair trí iarraidh ar na páistí tomhais a dhéanamh cén teanga a labhraítear i bPoblacht Hondúras. Abair leo go bhfoghlaimoidh siad inniu conas comhaireamh a dhéanamh i Spáinnis, díreach mar atá á dhéanamh ag Digna sa phictiúr. Abair leo go n-itheann na daoine i La Confianza toirtilí agus pónairí gach uile lá. As arbhar a dhéantar toirtilí agud déantar iad a mheilt agus a bhruith le líoma nó go mbíonn sé ina thaos. Mínigh do na páistí an tábhacht a bhaineann le toirtilí do mhuintir Phoblacht Hondúras – is cuid lárnach iad dá gcuid bia laethúil.

CÉIM 2: Anois tabhair meall mór den mhaos súgartha do gach páiste agus iarr orthu é a bhriseadh suas agus deich liathróid éagsúla a dhéanamh de. Déan toirtile mhín réidh de gach liathróid díobh agus tosaigh ar an gcomhaireamh:

- | | |
|--------------------|-------------------|
| 1 uno (oo-no) | 6 seis (say-eess) |
| 2 dos (doss) | 7 seite (syet-ay) |
| 3 tres (tress) | 8 ocho (otch-o) |
| 4 cuatro (kwa-tro) | 9 nueve (nweb-ay) |
| 5 cinco (theenk-o) | 10 diez (dyeth) |

CÉIM 3: Agus na toirtilí leagtha amach os a gcomhair, iarr ar gach páiste an toirtile sa lár a bhaint amach, cén uimhir í seo sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa Spáinnis? Déan an rud céanna le cuid mhór de na toirtilí go dtí go mbíonn tuiscint níos fearr acu ar na figiúirí a chomhaireamh i Spáinnis.

Gníomhaíocht forleathnúcháin: Déan sneaic toirtile duit féin. Ceannaigh roinnt toirtilí, déan iad a théamh sa bhfriochtán ar feadh cúpla nóiméad an ceann agus measc roinnt pónairí agus rís leo. Bia atá an-chosúil leis seo a itheann Digna.

GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ

DÉAN SCUAB
DON RANG



NAISC CHURACLAIM: Ealaín/SESE/An Domhan Timpeall Orainn
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO:
Grianghraf 3, maide adhmaid, craobhóga agus téad éadrom.

CÉIM 1: Féach ar ghrianghraf 3. Abair leis na páistí go bhfuil tú chun scuab a dhéanamh don seomra ranga, ceann atá díreach cosúil le scuab Digna. Ach i dtús báire, ní mór na hábhair a fháil. Déan siúlóid dúlra thart faoin scoil. Iarr ar gach páiste cúpla craobhóg a bhailiú a bheadh go maith mar scuab, dar leo.

CÉIM 2: Bailigh na craobhóga ar fad le chéile – comhairigh amach i Spáinnis an chéad deich gcrabhóg (déan an comhaireamh níos faide ná sin más mian leat). Ansin ceangail le ceann an mhaide iad le píos téide éadrom. Bain triail as an scuab féachaint an bhfuil sé daingean a dhóthain. Muna bhfuil, déan teann é.

CÉIM 3: Fiafraigh de na páistí cé acu an amuigh nó istigh is fearr a bhainfí úsáid as an scuab. Ansin cuir ina bpéirí iad agus iarr orthu oibriú lena chéile le háit ar bith nach bhfuil slacht air a scuabadh i gceart.

CÉIM 4: Féach arís ar an bpictiúr de Digna agus í ag scuabadh leis an scuab atá ag a muintir. Cén chosúlacht atá ag an scuab agaibhse leis an scuab acu siúd? Cén fáth a mbeadh difríochtaí ann? Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an timpeallacht amuigh agus an timpeallacht istigh a choimeád glan?



GNÍOMHAÍOCHT A CEATHAIR

CLUICHÍ PHOBLACHT HONDÚRAS A IMIRT



NAISC CHURACLAIM: Corp Oideachas, Ceol
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO: Grianghraf 2
agus Grianghraf 4.

CÉIM 1: Abair leis na páistí gur maith le Digna cluichí a imirt – a rogha cluiche ná **Oinniún Beag**, ach is breá léi freisin ag **Déanamh na bhFolachán** agus luí siar ar ámóg (féach gníomhaíocht ar chúil ghrianghraf 2). Mínigh dóibh nach bhfuil aon bhréagán ag Digna ná ag a cairde chun súgartha, agus sin an fáth go n-imríonn siad cluichí mar seo. An féidir leis na páistí smaoineamh ar chluichí ar féidir a imirt gan bhréagáin?

CÉIM 2: Oinniún Beag – déanann na páistí rince agus páiste amháin istigh ina lár. Glaonn an páiste sin ainm glasra amach, baineann gníomhaíocht ar leith le gach glasra. Nuair a thagann deireadh leis an ngluaiseacht sin, téann an páiste sa lár ar ais leis an gcuid eile agus téann páiste eile isteach sa lár leis an gcéad ghlasra eile a roghnú.

Ar na gluaiseachtaí éagsúla a bhaineann leis na glasraí tá:
Oinniún – cuireann na páistí aghaidh crosta orthu féin agus casann timpeall.

Puimcín – brúnn na páistí isteach lena chéile mar a bheadh ciorcal beag ann.

Arbhar – cromann siad síos go dtí na barraicíní agus suas san aer ar nós gas arbhair

Pónairí dearga – léim suas síos ar an bpoinnte. Céard faoi do leagan féin den chluiche a chumadh le glasraí a mholann na páistí?

CÉIM 4: Bí ag Déanamh na bhFolachán sa seomra ranga – ní mór do gach duine na súile a dhúnadh agus páiste amháin áit a aimsiú le dul i bhfolach. Caithfidh an chuid eile den rang iarracht a dhéanamh ar an áit a chuaigh an páiste i bhfolach a aimsiú óna suíocháin féin. (Caithfidh an múinteoir maoirseacht a dhéanamh air seo sa tslí is go roghnaíonn gach páiste áit shlán le dul i bhfolach ann). Iarr ar gach páiste, duine ar dhuine, seasamh suas agus breathnú timpeall ar feadh cúpla nóiméid. An chéad duine a thagann ar an bpáiste atá i bhfolach a rachaidh i bhfolach ansin.

CÉIM 5: Déan plé ar gach ceann de na gníomhaíochtaí – cén ceann is fearr a thaitin leis na páistí? Cén rud a thaitin leo faoi gach cluiche? An fearr mar spraoi na cluichí seo a imirt le daoine eile? Ar mhaith leo cluichí mar seo a imirt an t-am ar fad nó bheith ag súgradh le bréagáin freisin?

GNÍOMHAÍOCHT A CÚIG

SEIRBHÍS URNAITHE AG RÉITEACH LE CHÉILE



NAISC CHURACLAIM: Oideachas Reiligiúin/OSPS/PDMU
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO: Beo Go Deo 2,
Coinneal agus Grianghrafanna.

SEIRBHÍS URNAITHE:

Muinteoir: Can an t-amhrán – ‘Ní Leor Ceann Amháin’ ó Beo Go Deo 2
Le plé – Déanaimid rudaí i bpáirt le daoine eile: déanamh spraoi, déanamh rudaí agus fás mar is áil le Dia

go bhfásfaimis. Lasaimid an choinneal agus dúnamid na súile; smaoinigh ar na daoine ar fad sa phobal a chabhraíonn leat foghlaim conas rudaí a dhéanamh, a thugann aire duit agus a thugann bia duit le hithe, a imríonn cluichí leat agus nach bhfágann as an áireamh thú. Déan pictiúr i do cheann de na daoine seo. Iarr ar Dhia a bheannacht a chur anois díreach ar na daoine sin ar fad atá in aigne agatsa anois.



PÁISTE 1: A Thiarna, gabhaimid buíochas leat as na cairde, an mhuintir agus an pobal a thug tú dúinn.

Freagra: A Thiarna, éist lenár nguí

PÁISTE 2: A Thiarna, cabhraigh le Digna agus leis an bpobal leanacht ag obair le chéile ar mhaithe le cabhrú lena chéile.

Freagra: A Thiarna, éist lenár nguí

PÁISTE 3: A Thiarna, cabhraigh le Trócaire leanacht de bheith ag obair leis na boicht ar mhaithe le cabhrú leo talamh dá gcuid féin a bheith acu, barraí a fhás agus maireachtáil gan scáth gan eagla.

Freagra: A Thiarna, éist lenár nguí

PÁISTE 4: A Thiarna, cabhraigh linn cuimhneamh ar na páistí ar fad ar fud an domhain nach bhfuil bréagáin acu le himirt leo ná teach le cónaí ann.

Freagra: A Thiarna, éist lenár nguí

PÁISTE 5: A Thiarna, cabhraigh linn oibriú le daoine eile agus cúram a dhéanamh de dhaoine eile.

Freagra: A Thiarna, éist lenár nguí

AMHRÁN: Ní Leor Ceann Amháin





Déan fótcóip den leathanach oibre

BILEOG OIBRE

Is ainm dom:

Lá sa saol ag Digna

Seo Digna mar aon le cuid de na rudaí a dhéanann sí gach aon lá aici.

An féidir leat iad a ghearradh amach agus iad a chur san ord ceart?
Cabhróidh na focail seo leat:

DINNÉAR

AG DÉANAMH CÚRAIMÍ AN TÍ


AR SCOIL

CODLADH AG TEACHT UIRTHI

OBAIR BHAILE

AG CUR ÉADAÍ UIRTHI

Labhair faoi na pictiúir ar fad leis an duine atá suite taobh leat.
Dathaigh an pictiúr agus más féidir leat, scríobh abairt faoina bhfuil ar siúl aici faoi gach pictiúr díobh.





Hola!

Digna is ainm dom. Táim 5 bliana d'aois.

Ciallaíonn Hola “Dia duit” sa Spáinnis. Is í an Spáinnis a labhraímid i bPoblacht Hondúras. Seo iad mo mhuintir – mo dheaid Carlos, mo mham Carmen agus mo dheartháir Humberto, atá 8 mbliana d'aois.

Táim i mo chonaí i bPobal La Confianza. Oibríonn gach duine le chéile anseo chun gur féidir an obair ar fad sa phobal a chur i gcrích.

An béile is fearr liom ná pónairí, toirtile agus iasc. Ní minic a bhíonn iasc againn mar nach a bhfuil a dhóthain ann le roinnt amach.

Is breá liom bheith páirteach i La Confianza.



SEO CUID DE NA RUDAÍ IS AOIBHINN LIOM A DHÉANAMH:

Téim ar scoil gach maidin ar 10.a.m. Seo an chuid is fearr liom den lá. Rosa is ainm don mhúinteoir atá agam. Tá sí an-ghreannmhar. Uaireanta nuair nach mbíonn táille an bhus ag Rosa ní bhíonn an scoil againn. Is fuath liom nuair a tharlaíonn sé seo. Is breá liom ar fad foghlaim conas léamh agus scríobh. Is aoibhinn liom súgradh le mo chairde, go háirithe canadh agus rince a dhéanamh le chéile.

Bíonn teas mór ann ag 1.p.m. nuair a thagaim abhaile ón scoil. Bíonn an teas sa phuball chomh mór sin go mbím ag cur allais agus dá bhrí sin ligimid ár scíth ar an ámóg taobh amuigh. Is breá liom luascadh ar an ámóg le mo dheartháir, bíonn an-spraoi ann!

Leid: Déan ámóg duit féin - bíodh pluid mhór agat agus beirt duine fásta ag an dá cheann agus an phluid ina lámha acu. Iarr ar pháiste suí siar nó luí siar ina lár agus luasc an phluid go réidh ó thaobh go taobh. Bí cúramach é a luascadh go deas réidh ionas nach mbainfidh gortú do dhuine ar bith!

GRIANGRAF 2



M'ÁIT CHÓNAITHE

GRIANGRAF 3

Seo an baile agamsa – m'áit chónaithe. Puball atá ann de chraobhacha agus plaisteach. Tá an spás an-chúng istigh ann agus bíonn an teas ró-mhór le fanacht ann i rith an lae. Baineann na corrmhíolta greim asam san oíche agus uaireanta éiríonn le nathracha nimhe teacht isteach sa phuball againn. An cúram tí is fearr liom ná an t-urlár os comhair an phubail againn a scuabadh. Déanaim iarracht ar gach píosa salachair ar an talamh a scuabadh suas. De chraobhacha a dhéantar an scuab a bhailímid agus a cheanglaímid le chéile. Is aoibhinn liom an obair bhaile a dhéanamh. Déanaim an comhaireamh ar mo mhéaranna.

Leid: Céard faoi phuball beag a chur sa chúinne baile? Le linn am súgartha lig do ghrúpaí beaga páistí súgradh a dhéanamh ar sa phuball agus ról-ghlacadh a dhéanamh ar Digna, ar a hathair, a máthair, a deartháir agus a cara, agus ar na himeachtaí a bhíonn acu siúd.



Seo an sconna uisce atá againn ar bhailigh gach duine sa phobal airgead chuige. Tá sé thar cionn mar bíonn uisce glan le hól againn agus ní bhuaileann tinneas muid níos mó! Agus sin anois mé ag imirt 'Oinniún Beag' le mo chairde, sin mo rogha cluiche.



BÍM AG BRIONGLÓIDIGH GO....

Beidh mo mhuintir agus mo chairde i gcónaí agam le himirt leo. Beidh uisce glan againn le hól i gcónaí. Bíonn go leor bia againn le hithe i gcónaí. Ní bheidh orainn La Confianza a thréigean níos mó i ngeall ar na tuitte le linn séasúr na báistí. Ní dhéanfar aon ionsaí arís ar La Confianza. Amach anseo uair éigin beidh an áit chónaithe againn i bhfad níos buaine, agus mar sin ní bheidh eagla orainn nuair a bhuaileann gaoth nó báisteach. Tiocfaidh an lá go mbeidh mé in ann mo chuid scolaíochta a chríochnú agus cabhrú le mo phobal.

TROCAIRE

Working for a Just World

**TÁIMID AR FAD
PÁIRTEACH SAN
OBAIR SEO LE CHÉILE**



**CÁ LUÍONN TUSA
ISTEACH ANN?**